ESB International Athbhreithniú

Is é straitéis ESB International leathnú amach san Eoraip trí infheistíocht leanúnach

ESB International Athbhreithniú

Forbhreathnú

Tá ESB International (ESBI) struchtúrtha mar ghrúpa cuideachtaí agus cuimsíonn sé réimse gnóthas a fheidhmíonn sa mhargadh iomaíoch. Is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí gnó:

- ESB Independent Generation (ESBIg) agus ESB Independent Energy (ESBIe) a sholáthraíonn réitigh iomaíocha leictreachais do chustaiméirí, i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart na hÉireann araon. Tá ESBIg freagrach chomh maith as ár bpunann inathnuaite a oibriú in Éirinn chomh maith lenár sócmhainní giniúna idirnáisiúnta, go príomha sa RA agus sa Spáinn;
- Is eagraíocht idirnáisiúnta innealtóireachta agus chomhairleoireachta é ESBI Engineering a sholáthraíonn réitigh innealtóireachta agus áirgiúlachta do Ghrúpa BSL agus réimse leathan de chustaiméirí idirnáisiúnta;
- Soláthraíonn ESBI Facility Management (ESBIfm) oibríocht ghléasra cumhachta agus seirbhísí cothabhála do ESBIg agus do chustaiméirí idirnáisiúnta. Faoi láthair tá ESBIfm freagrach as níos mó ná 5,500MW de ghléasra a oibriú ar fud an domhain; agus
- Is é ESBI Investments (ESBIi) ár ngrúpa forbartha gnó agus tá sé freagrach as deiseanna infheistíochta a aimsiú agus a sheachadadh do Ghrúpa CSL le príomhfhócas ar mhargaí na hEorpa.

Mhéadaigh líon foirne ESBI faoi níos mó ná 60 duine le linn 2008 chun tacú leis an leibhéal oibre ar fud an Ghrúpa in Éirinn agus go

Léarscáil Ghníomhaíochtaí 2008 – ESB International



hidirnáisiúnta agus tá níos mó ná 1,300 ball foirne anois ag ESBI. In ainneoin an laghdaithe ar líon na gcéimithe Innealtóireachta ag teacht amach as coláistí na hÉireann, d'earcaíomar 35 céimí Innealtóireachta ó dhisciplíní éagsúla innealtóireachta agus ó raon d'institiúidí tríú leibhéal. Is ról ríthábhachtach de chuid ESBI é leibhéal ard leanúnach de chumas innealtóireachta laistigh de BSL a chinntiú.

Athbhreithniú Oibriúcháin

D'oscail an Margadh Aonair Leictreachais le linn mhí na Samhna 2007 agus tá a chéad bhliain iomlán sa mhargadh críochnaithe go rathúil ag ESBI anois. Go dtí seo d'oibrigh sé a chórais agus a phróisis trádála go héifeachtach sa mhargadh nua.

Chothaigh ESBIe a stádas láidir i margaí Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart na hÉireann, ag coinneáil scaireanna de 14.3% agus 17.4% den mhargadh faoi seach. Tá príomhfhócas ESBIe ar na hearnálacha tionsclaíochta agus tráchtála móra. Ba iad custaiméirí lódfactóra arda iad an mhórchuid dá chustaiméirí, a soláthraíonn sé seirbhís custaiméirí oiriúnaithe dóibh, duine le duine, tacaithe le réimse de sheirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh.

Sháraigh punann ghléasra ESBIg na spriocanna le linn na bliana. Go háirithe, d'éirigh le gléasra Chúil Caorach teacht amach go maith óna dheacrachtaí le linn 2007 agus bhí a fheidhmíocht infhaighteachta do 2008 ag teacht leis an gcleachtas is fearr. Sheachaid ár ngnóthas gaoithe oibriúcháin de réir an phlean i 2008 agus baineadh amach comhtháthú rathúil Thaobh na nEas (34MW) agus sócmhainní oibriúcháin faighte ó DP Energy (14MW) sa phunann chóir dheireadh na bliana.

D'fheidhmigh ESBI Engineering go hanmhaith i 2008 sa bhaile agus i margaí idirnáisiúnta. Bhí an príomhfhócas sa bhaile ar thacaíocht a thabhairt do chláir oibre HV Gréasáin BSL. Ó thaobh Giniúint Cumhachta BSL de, ba iad na príomhthionscadail ná Clár Iarfheistithe Comhshaoil Ghob na Muine (MERP), athchóiriú Aonad 1 Áth Fhada agus tionscadal CCGT 430 MW Áth Fhada. Leanann ESBI Engineering ar aghaidh chomh maith ag tabhairt tacaíochta do ghníomhaíocht infheistíochtaí ESBI, ag gníomhú mar úinéir-innealtóirí ar thógáil Marchwood 840MW CCGT i Southampton agus mar sholáthraithe tacaíochta innealtóireachta le linn fháil suíomh forbartha Carrington i Manchain. Do chliaint sheachtracha tá gnó láidir go fóill le heochairthionscadail leanúnacha san Afraic Theas, Vítneam, Bairéin agus sa Tansáin.

D'fheidhmigh ESBIfm go maith freisin ar fud gach gléasra ó thaobh feidhmíocht ghléasra bónais feidhmíochta bhainteacha de. Leanann ESBIfm ar aghaidh ag cuardach deiseanna nua don ghnó seo agus tá sé ag monatóiriú príomh-mhargaí agus cliaint go gníomhach maidir leis seo.

Fuair ESBIi 85% de Bridestones Development Limited ó Carlton Power ar 25 Meán Fómhair 2008. Tá na cearta ag Bridestones tionscadal CCGT 860MW Carrington a fhorbairt, tionscadal atá ceadaithe go hiomlán agus a bhfuil sé de chumas aige tús a chur le feidhmiú ar bhonn tráchtála i 2013.

Rinne ESBIi dul chun cinn an-suntasach i dtógáil ghléasra gásadhainte 840MW Marchwood, comhfhiontar le Scottish & Southern Energy (SSE). Tá céim thógála an tionscadail beagnach críochnaithe agus cuiread tús le coimisiúnú sa chéad ráithe de 2009.

Ar leithligh, d'éirigh le ESBIi feirm ghaoithe 34MW a thógáil ag Taobh na nEas i gCo. an Chabháin agus thosaigh sé ag feidhmiú ar bhonn tráchtála go mall i 2008.

Sábháilteacht

Le linn 2008 thabhaigh ESBI 14 Dhíobháil Caillteanais Ama (DCA-anna). Bhí an líon seo déanta suas de 4 DCA ball foirne agus 10 DCA conraitheora. Is cúis díomá é an toradh seo mar gheall ar na hiarrachtaí méadaithe a rinneadh ar fud an ghnó i réimse leathan de chláir agus tionscadail sábháilteachta. Cuireadh cláir Feabhsaithe Sábháilteachta i bhfeidhm ar fud na ngnóthas le béim faoi leith ar na mórshuímh thógála in Marchwood agus Taobh na nEas. Oibríonn gach ceann de na ceithre ghléasra ESBIg faoi Chóras Bainistíochta Sábháilteachta foirmiúil a aithnítear go seachtrach agus le linn na bliana tugadh deimhniú go OHSAS 18001 do ESBI Engineering agus do ESBIfm.

Chaitheamar níos mó ná €100 milliún ag ceannach agus ag forbairt feirmeacha gaoithe i 2008

Leanadh ar aghaidh, le linn 2008, le himlonnú sábháilte bhaill foirne i suímh éagsúla thar lear in Oirthear na hEorpa, sa Mheánoirthear, sa Cianoirthear agus san Afraic. Níor tharla aon díobháil foirne de bharr eachtraí slándála, leighis nó iompair ag suímh na dtionscadal seo.

Comhshaol

Déanann ESBI a ghnó a fheidhmiú le fócas ar an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Tá deimhniú ISO14001 ag an chuid is mó dár ngléasra agus muid ag obair chun é seo a leathnú do na gléasra go léir. Níor tharla aon sárú comhshaoil le linn 2008. Tá 122MW de chumhacht gaoithe suiteáilte againn in Éirinn faoi láthair agus tá 70MW á thógáil. Tá athbhreithniú á dhéanamh go gníomhach ag ESBI ar na hearnálacha toinne agus taoide agus na teicneolaíochtaí bainteacha atá ag teacht amach d'fhonn cabhrú leis na teicneolaíochtaí féideartha is fearr feidhmiú tráchtála a bhaint amach. Maidir leis seo, fuair ESBI scair de 13% i Marine Current Turbines, cuideachta fuinnimh taoide le gléas taoide 1.2MW ag feidhmiú i Loch Cuan, Tuaisceart Éireann.

Ag Breathnú Chun Cinn

I gcomhthéacs na timpeallachta eacnamaíochta domhanda, táimid ag dréim le hathruithe suntasacha a fheiceáil le linn 2009 ar an ngnó sa mhargadh leictreachais in Éirinn agus thar lear. Díreofar go háirithe ar na rudaí seo a leanas:

- Leanfaidh ESBIe ar aghaidh ag soláthar réitigh iomaíocha fuinnimh dá chustaiméirí agus ag coinneáil a stádais mar an príomhsholáthróir neamhspleách ó thaobh seirbhís do chustaiméirí de;
- In Éirinn leanfaidh ESBIg ar aghaidh ag uasmhéadú a sheasaimh intrádála i margaí breosla agus fuinnimh mórdhíola agus infhaighteacht a fhearais a uasmhéadú chun fuinneamh iomaíoch a sholáthar le haghaidh miondíola ag ESBIe. Oibreoidh sé a shócmhainní idirnáisiúnta chomh maith go dtí an caighdeán is airde;
- Leanfaidh ESBI Engineering ar aghaidh ag soláthar seirbhísí innealtóireachta iomaíochta agus saineolais do Ghrúpa BSL agus do chliaint idirnáisiúnta.

Forbróidh ESBI Engineering a ról mar lárionad cumais innealtóireachta do Ghrúpa BSL.

- Leanfaidh ESBIfm ar aghaidh ag feidhmiú ar bhunús brabúis agus gléasra chliant a fheidhmiú agus a chothabháil go cleachtas idirnáisiúnta is fearr. Déanfaidh sé iarracht an gnó a fhás go mór i margaí áirithe i 2009;
- Leanfaidh ESBI Investments ar aghaidh ag forbairt roghanna fáis ábhartha do Ghrúpa BSL trí sheasamh suntasach margaidh a fhorbairt sa RA agus trí infheistíochtaí áirithe san Eoraip. Bainfidh ESBI amach feidhmiú ar bhonn tráchtála CCGT 840MW Marchwood i 2009. Leanfaidh sé ar aghaidh ag forbairt thionscadal 860MW Carrington sa RA d'fhonn feidhmiú ar bhonn tráchtála sa bhliain 2013. Beidh sábháilteacht ina príomhthosaíocht sna tionscadail seo agus iad ag díriú ar iad a sheachadadh go dtí na caighdeáin is airde cáilíochta, in am agus de réir buiséid.

Cé mhéad meigeavata de chumhacht gaoithe a bheidh ag BSL faoi 2012?

600 MW

Tá BSL ag pleanáil a phunann ghaoithe a leathnú go 600 meigeavata faoi 2012, agus tá BSL de réir sceidil chun an sprioc seo a bhaint amach.